C/2024/1740

26.2.2024

Foilsiú iarratais ar leasú ar shonraíocht ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/1740)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

IARRATAS AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Biscoitos'

PDO-PT-A1444-AM01

Dáta an iarratais: 19.3.2017

1. **Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú**

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh.°1308/2013 – Modhnú nach mion

2. **Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú**

2.1. *Faisnéis a bhaineann leis an iarratasóir*

Tuairisc: Nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an iarratasóir.

Cúiseanna: Tá an fhaisnéis a bhaineann leis an iarratasóir as dáta agus is gá dá bhrí sin í a thabhairt cothrom le dáta. Is gá an leasú seo chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm, agus é beartaithe freisin an fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: 'Faisnéis eile' – Mionsonraí an iarratasóra.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Faisnéis eile' – Mionsonraí an iarratasóra.

2.2. *Faisnéis a bhaineann leis na páirtithe leasmhara*

Tuairisc: Faisnéis a bhaineann leis na páirtithe leasmhara a bhaint.

Cúiseanna: Ós rud é gur léirmhíníodh go mícheart brí 'na bpáirtithe leasmhara', cuireadh mionsonraí an iarratasóra sa réimse sin de bhotún. Baineadh an fhaisnéis sin dá bhrí sin. Is gá an leasú seo chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm, agus é beartaithe freisin an fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: 'Faisnéis eile' – Páirtithe leasmhara.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Faisnéis eile' – Páirtithe leasmhara.

2.3. *Faisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí faireacháin*

Tuairisc: Nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí faireacháin.

Cúiseanna: Tá an fhaisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí faireacháin as dáta agus is gá dá bhrí sin í a thabhairt cothrom le dáta. Is gá an leasú seo chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm, agus é beartaithe freisin an fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: 'Faisnéis eile' – Sonraí na gcomhlachtaí faireacháin.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Faisnéis eile' – Faisnéis maidir leis na comhlachtaí faireacháin.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

2.4. *Faisnéis a bhaineann leis na húdaráis faireacháin inniúla*

Tuairisc: Nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann leis na húdaráis faireacháin inniúla.

Cúiseanna: Tá an fhaisnéis a bhaineann leis na húdaráis faireacháin inniúla as dáta agus is gá dá bhrí sin í a thabhairt cothrom le dáta. Is gá an leasú seo chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm, agus é beartaithe freisin an fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: 'Faisnéis eile' – Sonraí na n-údarás faireacháin inniúla.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Faisnéis eile' – Faisnéis faoi na húdaráis faireacháin inniúla.

2.5. *Catagóir táirge – catagóir nua táirgí fíniúna a chur leis*

Tuairisc: Cuireadh an chatagóir 'Fíon' leis.

Cúiseanna: Is é cuspóir an leasaithe seo chun luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana féin a mhéadú, trí aitheantas a thabhairt dó faoin ATFC.

Tá an cineál sin fíona á dhéanamh cheana ag na táirgeoirí i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta sa réigiún agus clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shainiúlacht. Dá bhrí sin, trína áireamh faoin ATFC 'Biscoitos' aithnítear a thábhacht agus a cháilíocht, agus an breisluach dá tháirgeoirí.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

2.6. *Catagóir táirge – catagóir nua táirgí fíniúna a chur leis*

Tuairisc: Cuireadh an chatagóir 'Fíon súilíneach' leis.

Cúiseanna: Is é cuspóir an leasaithe seo chun luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana féin a mhéadú, trí aitheantas a thabhairt dó faoin ATFC.

Tá an cineál sin fíona á dhéanamh cheana ag na táirgeoirí i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta sa réigiún agus clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shainiúlacht. Dá bhrí sin, trína áireamh faoin ATFC 'Biscoitos' aithnítear a thábhacht agus a cháilíocht, agus an breisluach dá tháirgeoirí.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

2.7. *Catagóir táirge – catagóir nua táirgí fíniúna a chur leis*

Tuairisc: Cuireadh an chatagóir 'Fíon ó fhíonchaora ró-aibí' leis.

Cúiseanna: Is é cuspóir an leasaithe seo chun luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana féin a mhéadú, trí aitheantas a thabhairt dó faoin ATFC.

Tá an cineál sin fíona á dhéanamh cheana ag na táirgeoirí i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta sa réigiún agus clú air mar gheall ar a cháilíocht agus a shainiúlacht. Dá bhrí sin, trína áireamh faoin ATFC 'Biscoitos' aithnítear a thábhacht agus a cháilíocht, agus an breisluach dá tháirgeoirí.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: 'Catagóirí na dtáirgí fíniúna', 'Tuairisc ar na fíonta', 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', 'Nasc leis an limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise'.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: ‘Catagóirí na dtáirgí fíniúna’, ‘Tuairisc ar na fíonta’, ‘Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

2.8. *Tuairisc ar na fíonta – catagóir ‘Fíon licéir’*

Tuairisc: Feabhsaíodh agus leasaíodh an tuairisc ar na fíonta licéir.

Cúiseanna: Ós rud é gur suíodh an tuairisc ar na fíonta a bhí ann roimhe a bheith cineálach agus doiléir, ba cheart í a leasú chun na saintréithe a bhaineann le fíonta ATFC ‘Biscoitos’ a leagan amach. Is gá an leasú seo chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: Tuairisc ar na fíonta – catagóir ‘Fíonta licéir’

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: Tuairisc ar na fíonta – catagóir ‘Fíonta licéir’

2.9. *Cleachtais fíonóireachta – uastáirgeachtaí*

Tuairisc: An eisceacht a bhaint.

Cúiseanna: Socraíodh ceanglas soiléir agus oibiachtúil le haghaidh an pharaiméadair sin, agus ar an mbealach sin ráthaítear aonfhoirmeacht agus intuarthacht na ndálaí táirgthe.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: ‘Cleachtais fíonóireachta’.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: ‘Cleachtais fíonóireachta’.

2.10. *Cleachtais fíonóireachta – cleachtais fhíoneolaíochta – gach catagóir*

Tuairisc: Srian a áireamh maidir le fíonóireacht is infheidhme maidir le gach catagóir táirge: Ní mór go dtiocfadh 85 % de thoirt iomlán an úrfhíona ó na príomhchineálacha fíonchaor, agus féadfaidh an chuid eile teacht ó chineálacha tánaisteacha.

Cúiseanna: Mar thoradh ar liosta teoranta a bhunú de chineálacha fíonchaor atá fíor-riachtanach chun barántúlacht agus carachtar sainiúil fhíonta ATFC ‘Biscoitos’ a ráthú, sainíodh íoschéatadán le haghaidh an toirt iomláin úrfhíona nach mór teacht ó na príomhchineálacha sin. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil na cineálacha tánaisteacha i measc na gcineálacha traidisiúnta a shaothraítear sa limistéar geografach freisin, ní dhéantar dochar do charachtar sainiúil fhíonta ATFC ‘Biscoitos’ lena n-úsáid a cheadú ar bhealach teoranta.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: ‘Cleachtais fíonóireachta’ – Srian maidir le fíonóireacht.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: ‘Cleachtais fíonóireachta’ – Srian maidir le fíonóireacht.

2.11. *Príomhchineálacha fíonchaor – modhnú/ailíniú ar an liosta cineálacha*

Tuairisc: Ailíniú na gcineálacha fíonchaor i gcomhréir leis an liosta náisiúnta nua. Na cineálacha Fernão-Pires, Generosa, Malvasia agus Sercial a bhaint. Cineálacha atá tagtha chun bheith ina gcineálacha tánaisteacha: Malvasia Fina (Boal) agus Galego Dourado.

Cúiseanna: Ba cheart an liosta de chineálacha fíonchaor a fhéadfar a úsáid chun fíonta a tháirgeadh i réigiún Biscoitos a thabhairt cothrom le dáta agus a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil nua ina bhfuil an liosta náisiúnta de chineálacha atá oiriúnach don fhíonsaothrú sa Phortaingéil.

Tháinig an srian ar na cineálacha a fhéadfar a úsáid chun cinn ó bunaíodh liosta teoranta de chineálacha atá fíor-riachtanach chun barántúlacht agus carachtar sainiúil fhíonta ATFC ‘Biscoitos’ a ráthú. Mar thoradh ar an bpróiseas sin bogadh cineál amháin a mheastaí roimhe sin mar phríomhchineál chuig an liosta de chineálacha tánaisteacha.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: ‘Príomhchineálacha fíonchaor’.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: ‘Príomhchineálacha fíonchaor’.

2.12. *Cuimsiú cineálacha fíonchaor tánaisteacha*

Tuairisc: Bunaíodh dhá chineál thánaisteacha, mar atá Malvasia Fina (Boal) agus Galego Dourado, a baineadh de liosta na bpríomhchineálacha.

Cúiseanna: Ós rud é go bhfuil na cineálacha sin ar na cineálacha traidisiúnta a shaothraítear sa limistéar geografach freisin, ní dhéantar dochar do charachtar sainiúil fhíonta ATFC 'Biscoitos' lena n-áireamh mar chineálacha tánaisteacha.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: Ní dhéantar aon difear don doiciméad aonair.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Cineálacha fíonchaor tánaisteacha'.

2.13. *Nasc leis an limistéar geografach – gach catagóir*

Tuairisc: Feabhsaíodh agus leasaíodh an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach.

Cúiseanna: Ós rud é gur suíodh an tuairisc a bhí ann roimhe seo ar an nasc leis an limistéar geografach a bheith cineálach agus doiléir, agus gur cheart tuairisc a dhéanamh freisin ar an nasc le haghaidh na gcatagóirí nua táirge, rinneadh athbhreithniú ar ábhar an phointe sin agus áiríodh na catagóirí táirge uile. Dá bhrí sin, rinneadh an t-ábhar níos cruinne, agus cuireadh san áireamh go gclúdaíonn an nasc leis an limistéar geografach gach catagóir.

Pointí leasaithe sa doiciméad aonair: 'Nasc leis an limistéar geografach'.

Pointí leasaithe sa tsonraíocht táirge: 'Nasc leis an limistéar geografach'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Biscoitos

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí finiúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

4. Fíon súilíneach

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. Fíonta

Tá idir dath buí tréan agus dath buí éadrom ar na fíonta, agus dea-bholadh orthu ina measctar blasanna citris agus muirí le ruainnín de thorthaí trópaiceacha. Sa bhéal, tá goirte agus mianracht shuntasach orthu, chomh maith le seirbhe shuntasach, tá cion measartha alcóil iontu, agus fágann siad iarbhlas úr.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	11
Aigéadacht iomlán íosta	46,6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	250

2. Fíonta licéir

Bíonn idir dath ómra agus dath donn ar na fíonta le drithlí órga. Bíonn na fíonta licéir tathagach agus dea-struchtúrtha, agus de ghnáth bíonn siad tirim nó meántirim — cé gur féidir iad a bheith meánmhilis nó milis freisin.

Tá a gcumhracht sonrach mar gheall ar bhlasanna de chlochthorthaí agus d'fhéadfadh blasanna meala, caramail agus spíosraí a bheith orthu freisin. Féadann dea-bholaithe tóstáilte agus toite teacht chun cinn ón aosú i mbairillí.

Bíonn blas saibhir orthu, idir tirim agus leathmhilis, le haigéadacht agus salandacht inbhraite. Fíonta torthaíocha (clochthorthaí) is ea iad a bhféadfadh blasanna de thorthaí triomaithe, mil, caramal agus spíosraí a bheith orthu chomh maith.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	16
Aigéadacht iomlán íosta	46,6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	30
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	200

3. Fíonta súilíneacha

Tá idir dath buí tréan agus dath buí éadrom ar na fíonta, agus dea-bholadh orthu ina measctar blasanna citris agus muirí le ruainnín de thorthaí trópaiceacha. Sa bhéal, tá goirte agus mianracht shuntasach orthu, chomh maith le seirbhe shuntasach, tá cion measartha alcóil iontu, agus fágann siad iarbhlas úr.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	46,6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	185

4. Fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

Is fíonta iad a bhfuil dea-bholaidh thorthaíocha orthu, de thorthaí aibí nó de chlochthorthaí. I mblianta áirithe, bíonn blasanna de rísíní orthu.

De thairbhe an aosaithe bíonn blasanna de rísíní agus subh orthu, agus tagann blas spíosrach beagán chun cinn.

Sa bhéal, bíonn siad dlúth, toirtiúil, torthaíoch agus spíosrach, le blasanna caramal, luibheanna aramatacha agus salainn, agus bailchríoch úr.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	12
Aigéadacht iomlán íosta	46,6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	250

5. **Cleachtais fíonóireachta**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

1. Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí – bainistiú fíonghort agus ithreacha

Modhanna saothraithe

Ní mór go dtagann na fíonchaora a úsáidtear chun táirge fíona a bhfuil ATFC 'Biscoitos' acu teacht ó *vinhas estremes* (dáileachtaí fíonghoirt a bhfuil líon teoranta crann in aghaidh an heicteáir acu), áit a dtreoraítear na fíniúnacha chun fás gar don talamh trí úsáid a bhaint as na córais chuachphrúnála nó tródaim

Fíniúnacha atá beartaithe chun táirgí fíona a bhfuil ATFC 'Biscoitos acu' a dhéanamh, ní mór iad a fhás nó a chur in ithreacha liteacha neamh-húmasacha agus i liteasail atá suite ar fhoshraith chomhdhlúite basalt nó carraigeacha comhchosúla, aindéisití agus traicítí, a fhoirmítear de ghnáth le laibhe úrnua. Is minic a bhíonn tarlú na n-ithreacha sin nasctha le lomáin chreagacha agus uaireanta bíonn ábhar clochach iontu.

2. Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí – cleachtais thraidisiúnta

Srian maidir le fíonóireacht

Ní mór cloí leis na modhanna agus na cleachtais fíoneolaíochta thraidisiúnta agus fíonta faoin ATFC 'Biscoitos' á ndéanamh.

3. Fíonta - neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian maidir le fíonóireacht

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta féideartha de 10 % de réir toirte a bheith ag na fíonta a úsáidtear.

4. Fíonta súilíneacha - neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian maidir le fíonóireacht

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta féideartha de 9 % de réir toirte a bheith ag na húrfhíonta a úsáidtear le haghaidh bhunfhíonta na bhfíonta súilíneacha.

5. Fíonta licéir - neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian maidir le fíonóireacht

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta féideartha de 12 % de réir toirte a bheith ag na húrfhíonta a úsáidtear le haghaidh na bhfíonta licéir.

6. Fíonta ó fhíonchaora ró-aibí - neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian maidir le fíonóireacht

Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta féideartha de 15 % de réir toirte a bheith ag na húrfhíonta a úsáidtear le haghaidh na bhfíonta ó fhíonchaora ró-aibí.

7. Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí – cineálacha

Srian maidir le fíonóireacht

Nuair a dhéantar fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí faoi ATFC 'Biscoitos', ní mór 85 % den thoirt iomlán an úrfhíona a bheith de thionscnamh chineálacha fíonchaor Arinto dos Açores/Terrantez da Terceira, Verdelho agus Terrantez do Pico.

Féadfaidh an chuid eile de thoirt iomlán an úrfhíona a bheith de thionscnamh chineálacha Galego Dourado agus Malvasia Fina/Boal.

8. Fíonta licéir – tréimhse aosaithe

Srian maidir le fíonóireacht

Ní fhéadfar fíonta licéir ar a bhfuil ATFC 'Biscoitos' a bhuidéalú go dtí tar éis íostréimhse aosaithe 36 mhí.

9. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí – tréimhse aosaithe

Srian maidir le fíonóireacht

Ní fhéadfar fíon ó fhíonchaora ró-aibí ar a bhfuil ATFC 'Biscoitos' a bhuidéalú go dtí tar éis íostréimhse aosaithe 36 mhí.

b. *Uastáirgeacht*

Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

70 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is éard atá i limistéar geografach ATFC 'Biscoitos' limistéir ag airde 100 m nó níos lú i bparóiste Biscoitos i mbardas Praia da Vitória.

7. **Príomhchineálacha fíonchaor**

Arinto dos Açores - Terrantez da Terceira

Galego Dourado

Malvasia Fina - Boal, Bual

Terrantez do Pico

Verdelho

8. **Tuairisc ar na naisc**

Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

Mionsonraí an limistéir gheografaigh:

Tá feidhm ag an bhfaisnéis sin maidir le fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí.

Tosca nádúrtha

Tá oileán Terceira ar cheann de naoi n-oileán na nAsór. Ainmníodh an t-oileán mar sin toisc gurb é an tríú hoileáin de na hAsóir a aimsíodh le linn mhuiraistir na Portaingéile sa 15ú haois.

I dtuaisceart an oileáin tá paróiste Biscoitos, limistéar fíonsaothrúcháin traidisiúnta ina bhfuil limistéar geografach ATFC 'Biscoitos' suite. Tagann an t-ainm Biscoitos ón mbasalt dubh (ar a dtugtar '*biscoito*' sna hAsóir), mar comparáid leis an arán crua bácáilte faoi dhó a d'fhéadfadh muiraistir fhada a sheasamh tráth na bhfionnachtana.

Tá aeráid mhuirí mheasartha ag Terceira le teochtaí séimhe idir 16º C agus 26º C sa samhradh. Mar gheall ar thionchar Shruth na Murascaille bíonn teocht na farraige séimh freisin, agus í idir 14º C agus 22º C.

Ar an mórgóir, bíonn thart ar 3 go 4 uair an chloig gréine in aghaidh an lae sa gheimhreadh, agus thart ar 6 go 8 n-uair an chloig sa samhradh. Bíonn an mheán-bhogthaise choibhneasta thart ar 79 %.

Titeann an bháisteach go tráthrialta ar feadh na bliana ach is gnách go mbíonn sí níos láidre agus níos minice sa gheimhreadh. Sna míonna is fliche (Deireadh Fómhair go Márta), bíonn an bháisteach níos mó ná 100 mm in aghaidh na míosa.

Gné thábhachtach den aeráid atá sa ghaoth, a tharlaíonn mar thoradh ar imbhualadh na n-aermhaiseanna Atlantacha, mar gheall ar an mbogthaise agus an tsalandacht a ghabhann léi.

Is de thionscnamh bolcánach iad na hithreacha liteacha neamh-húmasacha agus na liteasail agus bíonn siad suite ar fhoshraith chomhdhlúite basalt nó ar charraigeacha comhchosúla, aindéisítí agus traicítí, a fhoirmítear de ghnáth le laibhe úrnua. Is minic a bhíonn tarlú na n-ithreacha sin nasctha le lomáin chreagacha agus bíonn ábhar clochach iontu.

Tosca daonna

Tá traidisiún fíonsaothrúcháin Biscoitos ann ó bhí an 15ú agus 16ú haois ann, tráth a rinne muintir na háite a seacht ndícheall chun tírdhreach a thógáil le féiniúlacht bunaithe ar fhíniúnacha agus ar fhíonta.

Cuirtear na fíniúnacha in áiteanna ina mbíonn siad cosanta go nádúrtha ar thionchar na farraige nó trí idirghabháil an duine, a dhéantar i bhfoirm shainiúil. Is é sin le rá, chun cosaint ar na gaotha Atlantacha a chinntiú, tógtar na dáileachtaí ina gcuirtear na fíniúnacha (ar a dtugtar *curraletas*) trí charraigeacha a bhaint a úsáidtear ansin chun ballaí roinnte a thógáil (*travessas*).

Éiríonn na *curraletas* beagán níos mó níos faide ón gcladach agus is iondúil go mbíonn idir 6 agus 10 bpoll iontu (ar a dtugtar *covachos* nó *caldeiras* freisin go háitiúil). Déantar na poill, a bhfuil trastomhas thart ar 70 cm ar an meán acu, a thochailt i dtalamh clochach, rud a chabhraíonn leis na fíniúnacha a chosaint ó ghaoth ghoirt le linn an earraigh.

Saintréithe sonracha an táirge atá bainteach leis an limistéar geografach:

Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

Tá mianracht agus salandacht ar na príomh-shaintréithe suntasacha i bhfíonta, fíonta licéir, fíonta súilíneacha agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí a bhfuil ATFC 'Biscoitos' acu. Bíonn siad úr agus bíonn cion measartha alcóil iontu agus cumhracht acu a chuireann torthaí i gcuimhne, chomh maith le haigéadacht shuntasach agus blasanna mianra.

Nasc leis an limistéar geografach:

Cuirtear fíonghoirt Biscoitos in ithreacha nach n-oireann go lena saothrú, ós rud é nach bhfuil siad an-tiubh, go bhfuil cumas coinneála taise íseal acu, agus go bhfuil siad comhdhéanta d'ábhar garbh a mhéadaíonn ionsú agus frithchaitheamh teasa. Cruthaíonn sé sin dálaí ar leith le haghaidh aibiú na bhfíonchaor agus fhorbairt chomhdhúile aramatacha na gcineálacha fíonchaor, a fhágann go mbíonn dea-bholaithe sainiúla ar na fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir.

I roinnt limistéar, áit a bhfuil lomáin níos creagaí, bíonn an t-ionsú agus an frithchaitheamh teasa níos déine fós. Fágann sin gur féidir fíonchaora a tháirgeadh a bhfuil leibhéal ard aibíochta acu, a úsáidtear chun fíonta ó fhíonchaora ró-aibí a dhéanamh ag a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha, go háirithe dea-bholaithe torthaí aibí agus clochthorthaí.

Is iad na hithreacha bolcánacha, in éineacht leis an tionchar láidir Atlantach mar gheall ar shuíomh an oileáin, is cúis le mianracht agus salandacht shainiúil fíonta, fíonta licéir, fíonta súilíneacha agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí ar a bhfuil ATFC 'Biscoitos'.

Tar éis traidisiúin a chaomhnú atá ann leis na céadta blianta, léirítear an toisc dhaonna i dtógáil na ndáileachtaí (*curraletas*), atá fíor-riachtanach chun na fíniúnacha a chosaint ar ghaotha an Atlantaigh agus chun an timpeallacht fáis is fearr a chruthú. Tá ról tábhachtach aige sin maidir leis na dálaí cearta a áirithiú le haghaidh aibiú na bhfíonchaor agus cuidíonn sé le cothromaíocht dea-bholaithe a bhaint amach sna fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíon ó fhíonchaora ró-aibí a tháirgtear. Tá an líon teoranta de chineálacha fíniúnacha is oiriúnaí do dhálaí an limistéir gheografaigh ina thoisc chinniúnach agus shainiúil maidir le saintréithe cáilíochta fhíonta an limistéir (fíonta, fíonta súilíneacha agus fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí) agus léiríonn sé an saineolas atá forbartha i gcaitheamh na mblianta.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Fíonta, fíonta súilíneacha, fíonta licéir agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta.

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú.

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Measúnú ar an lipéadú roimh mhargaíocht.

Ní mór an t-ainm branda a bheith ar an lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.ivv.gov.pt/np4/8617.html